Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. en)

7258/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0345(COD)

CODEC 302
ECODEX 1
EJUSTICE 37
JUSTCIV 28
JAI 353
COPEN 90
IXIM 52
DATAPROTECT 71
CSC 102
PE 22

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 23- 24 Márta 2022) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic na comhrapóirtéirí, Emil RADEV (PPE, BG) agus Nuno MELO (PPE, PT), leasú comhréitigh (leasú 71) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) faoi seach. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 24 Márta 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 71) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘ ▌ ’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2022)0091

## Córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX) ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (COM(2020)0712 – C9-0389/2020 – 2020/0345(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0712),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 81(2) agus d'Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0389/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2021[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 15 Nollaig 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0288/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má

---

[1] IO C 286, 16.7.2021, lch. 82.

dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2020)0345**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Márta 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ríomhairithe le haghaidh *malartú trasteorann leictreonach sonraí* i *réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair* sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) agus Airteagal 82(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 286, 16.7.2021, lch. 82.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) A áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag saoránaigh agus gnólachtaí ar cheartas agus an comhar breithiúnach idir na Ballstáit ***in ábhair shibhialta, lena n-áirítear ábhair thráchtála, agus ábhair choiriúla*** a éascú, tá siad sin ar phríomhchuspóirí limistéar saoirse, slándála agus ceartais ***an Aontais*** a chumhdaítear i gCuid III, Teideal V den Chonradh ***ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).***

***(2) Is deacair ar uairibh rochtain a fháil ar chórais cheartais ar roinnt cúiseanna amhail nósanna imeachta dlí foirmiúla agus costasacha, moilleanna fada nós imeachta agus costais arda a bhaineann le córais chúirte a úsáid.***

(3) Mar sin, tá sé tábhachtach cainéil iomchuí a fhorbairt chun a áirithiú gur féidir le córais cheartais comhoibriú go héifeachtúil ar bhealach digiteach. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach córas teicneolaíochta faisnéise a bhunú ar leibhéal an Aontais lenar féidir malartú ***trasteorann leictreonach*** a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le cásanna ar bhonn pras, díreach, idir-inoibritheach, ***inbhuanaithe***, iontaofa agus slán, ***agus urraim a thabhairt fós don cheart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint***. ***Ba cheart do*** chóras den sórt sin ***a bheith ina rannchuidiú chun an rochtain ar an gceartas agus ar an trédhearcacht a fheabhsú trí chur*** ar chumas saoránach agus gnólachtaí doiciméid agus fianaise a mhalartú i bhfoirm dhigiteach le húdaráis bhreithiúnacha nó le húdaráis inniúla eile, nuair a fhoráiltear dó sin ***sa*** dlí náisiúnta nó i n***dlí*** an Aontais. ***Ba cheart don chóras sin muinín na saoránach as an Aontas agus muinín fhrithpháirteach idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile na mBallstát a mhéadú.***

***(4)*** ***Ba cheart digitiú imeachtaí in ábhair shibhialta agus choiriúla a spreagadh d'fhonn an smacht reachta agus na ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha san Aontas a neartú, go háirithe trí rochtain ar cheartas a éascú.***

***(5)*** ***Is le malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla a bhaineann an Rialachán seo. Ba cheart an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus inniúlachtaí na n-údarás breithiúnach nó na n-údarás inniúil eile faoi seach a thuiscint i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.***

(6) Tá uirlisí ann a forbraíodh cheana féin chun malartú ***trasteorann leictreonach*** a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le cásanna, ar uirlisí iad nár cuireadh in ionad na gcóras cúil atá ar bun cheana sna Ballstáit nó a raibh modhnuithe costasacha ar na córais chúil sin ag teastáil ina leith. Is é an Tionscadal r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne (e-CODEX) an phríomhuirlis den sórt sin a forbraíodh go dtí seo.

(7) Uirlis atá sa chóras e-CODEX atá ceaptha go sonrach chun malartú trasteorann leictreonach ***sonraí*** a éascú trí mhodhanna leictreonacha ***i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla.*** I gcomhthéacs dhigitiú méadaithe na n-imeachtaí in ábhair shibhialta agus choiriúla, is é is aidhm don chóras e-CODEX éifeachtúlacht na cumarsáide trasteorann idir na húdaráis inniúla a fheabhsú agus rochtain na saoránach agus gnólachtaí ar cheartas a éascú. ***Go dtí go ndéanfar an córas e-CODEX a aistriú chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[3], déanfaidh ▌ cuibhreannas Ballstát agus eagraíochtaí a bhfuil cistiú aige ó chláir an Aontais ('an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX').

***(8) Leis an gcóras e-CODEX, soláthraítear réiteach idir-inoibritheach d'earnáil an cheartais chun córais TF na n-údarás inniúil náisiúnta a nascadh, amhail na breithiúna, nó eagraíochtaí eile. Ba cheart, dá bhrí sin, breathnú ar an gcóras e-CODEX mar an réiteach is fearr le haghaidh líonra cumarsáide idir-inoibritheach, slán agus díláraithe idir córais TF náisiúnta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla.***

***(9) Chun críocha an Rialacháin seo, áirítear i malartú leictreonach sonraí aon ábhar is in-tarchurtha i bhfoirm leictreonach trí bhíthin an chórais e-CODEX, amhail téacs nó fuaim, taifeadtaí amhairc nó closamhairc, i bhfoirm sonraí struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha, comhaid nó meiteashonraí.***

---

***3 Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).***

(10) ***Ní dhéantar foráil sa Rialachán seo maidir le húsáid éigeantach an chórais e-CODEX. An tráth céanna, níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Rialachán seo cosc ar na Ballstáit cásanna úsáide píolótacha a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.***

(11) Tá dhá eilimint bogearraí sa chóras e-CODEX: ***tairseach*** chun teachtaireachtaí a mhalartú le tairseacha eile; agus nascóir ▌, a sholáthraíonn roinnt feidhmiúlachtaí a bhaineann le malartú teachtaireachtaí idir córais náisiúnta TF. ***Faoi láthair***, tá an tairseach bunaithe ar bhloc tógála de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, bloc atá á choinneáil ar bun ag an gCoimisiún agus ar a dtugtar ‘r-Sheachadadh’, agus is é an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a ▌ bhainistíonn an nascóir. Leis an nascóir, soláthraítear feidhmeanna áirithe amhail sínithe leictreonacha a fhíorú trí leabharlann slándála agus cruthúnas ar sheachadadh. Ina theannta sin, an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, tá ***scéimrí sonraí*** forbartha aige le haghaidh foirmeacha digiteacha atá le húsáid sna nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla sonracha a ndearna sé an córas e-CODEX a phíolótú lena n-aghaidh.

(12) I bhfianaise a thábhachtaí atá an córas e-CODEX do mhalartuithe trasteorann i réimse an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas, ba cheart an córas e-CODEX a bhunú trí bhíthin creat dlí inbhuanaithe de chuid an Aontais lena ndéantar foráil maidir le rialacha maidir lena fheidhmiú agus lena fhorbairt. ***Ba cheart a áirithiú le creat dlí den sórt sin cosaint na gceart bunúsach dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe na cearta sin a chumhdaítear i dTeideal VI de, agus go háirithe in Airteagal 47 maidir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil. Níor cheart dó, ar bhealach ar bith, an bonn a bhaint ó chosaint ceart nós imeachta atá fíor-riachtanach chun na cearta bunúsacha sin a chosaint. Ina theannta sin, ba cheart*** dó comhpháirteanna an chórais e-CODEX a leagan amach agus a chumadh go soiléir chun a inbhuanaitheacht theicniúil ***agus a shlándáil*** a ráthú. Ba cheart don chóras e-CODEX comhpháirteanna TF de phointe rochtana e-CODEX a bhunú, agus ba cheart gurb é a bheadh iontu tairseach chun críoch cumarsáide sláine le tairsí sainaitheanta eile agus nascóir chun tacú le malartú teachtaireachtaí. Ba cheart a áireamh sa chóras e-CODEX freisin caighdeáin nós imeachta dhigiteacha chun tacú le húsáid na bpointí rochtana e-CODEX le haghaidh nósanna imeachta dlíthiúla dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais arna nglacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh ***in ábhair shibhialta agus choiriúla*** agus chun go mbeifear in ann faisnéis a mhalartú idir na pointí rochtana e-CODEX.

***(13)*** ***Ós rud é gur cheart an idir-inoibritheacht shéimeantach, ina cáil mar cheann de na sraitheanna idir-inoibritheachta, a bheith ina cúis rannchuidithe chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, arb é atá ann idirghníomhú caighdeánaithe fóinteach a bhunú idir dhá pháirtí nó níos mó, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar Chroístór Focal r-Cheartais an Aontais, ar sócmhainn é le haghaidh téarmaí agus sainmhínithe séimeantacha in-athúsáidte a úsáidtear chun comhsheasmhacht sonraí agus cáilíocht sonraí a áirithiú le himeacht ama agus i ngach cás úsáide.***

(14) Ós rud é go bhfuil sé riachtanach inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais e-CODEX agus a rialachas a áirithiú, agus prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna ***á urramú*** san am céanna, ba cheart eintiteas iomchuí a ainmniú le haghaidh ▌bhainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX. Ba ***cheart neamhspleáchas na mbreithiúna, i gcomhthéacs rialachas an chórais e-CODEX laistigh den eintiteas sin, a áirithiú.***

(15) Gníomhaireacht an t-eintiteas is oiriúnaí le haghaidh ▌ bhainistiú an chórais e-CODEX, ós rud é go gcuirfeadh a struchtúr rialachais ar chumas na mBallstát a bheith rannpháirteach i ▌ mbainistiú an chórais e-CODEX trí pháirt a ghlacadh i mbord bainistíochta na gníomhaireachta, agus ***i mbord bainistíochta agus i ngrúpa comhairleach*** an chláir. Tá taithí ábhartha ag ***eu-LISA*** ar chórais mhórscála TF a bhainistiú. Ba cheart, dá bhrí sin, ▌ bainistiú an chórais e-CODEX a chur de chúram ar eu-LISA. Tá sé riachtanach freisin struchtúr rialachais eu-LISA atá ann cheana a choigeartú trí fhreagrachtaí a Bhoird Bainistíochta a leasú agus trí Ghrúpa Comhairleach e-CODEX a bhunú. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/1726 a leasú dá réir. Ba cheart Bord Bainistíochta sonrach a bhunú freisin do Chlár ***e-CODEX***, agus ***an chothromaíocht inscne á cur san áireamh. Ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX comhairle a chur ar Bhord Bainistíochta eu-LISA maidir le beartú tosaíochta gníomhaíochtaí, lena n-áirítear maidir le caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, gnéithe nua agus nua-leaganacha bogearraí a fhorbairt.***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1726, is iad feidhmeanna Bhord Bainistíochta eu-LISA***, inter alia,*** a áirithiú, maidir le cinntí agus gníomhaíochtaí uile eu-LISA a dhéanann difear do chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, go n-urramaítear prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna. Ráthaítear a thuilleadh le struchtúr rialachais agus scéim maoiniúcháin eu-LISA go n-urramaítear an prionsabal sin. Tá ***sé*** tábhachtach freisin go mbeadh baint ag ***na gairmeacha*** dlí, ag ***saineolaithe eile*** agus ag na geallsealbhóirí ***ábhartha*** le rialachas an chórais e-CODEX trí ***Ghrúpa Comhairleach*** e-CODEX ***agus*** trí Bhord Bainistíochta an Chláir ***e-CODEX***. ***Ba cheart go bhfágfadh na socruithe agus na coinníollacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na ngairmeacha dlí, saineolaithe eile agus geallsealbhóirí ábhartha gur féidir leo a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus gur féidir dul i gcomhairle leo go héifeachtach, eadhon trína áirithiú go dtugtar aird chuí ar a n-aiseolas.***

(17) I bhfianaise na gcúraimí tosaíochta atá ar eu-LISA an Córas Isteach/Amach (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN), an Córas Faisnéise Schengen (SIS) athbhreithnithe, an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), agus Eurodac a fhorbairt agus a bhainistiú, chomh maith leis an gcúram straitéiseach creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE, ba cheart ▌ do eu-LISA freagracht a ghlacadh air féin as an gcóras e-CODEX ***idir*** an 1 Iúil ***2023 agus an 31 Nollaig*** 2023.

▌

*(18) Ba cheart comhfhreagraithe e-CODEX a bheith i dteideal tacaíocht theicniúil a iarraidh agus a fháil faoin Rialachán seo agus ba cheart dóibh tacú le feidhmiú an chórais e-CODEX i measc na mBallstát. Ba cheart aghaidh a thabhairt i gceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag eu-LISA ar líon na gcomhfhreagraithe e-CODEX sna Ballstáit agus sa Choimisiún, i gcomhréir le líon na bpointí rochtana e-CODEX arna n-údarú ag na Ballstáit nó ag an gCoimisiún agus le líon na gcaighdeán nós imeachta digiteach a chuireann siad i bhfeidhm.*

*(19) Is féidir an córas e-CODEX a úsáid in ábhair shibhialta agus choiriúla trasteorann. Ba cheart a bheith in ann an córas e-CODEX agus comhpháirteanna an chórais e-CODEX a úsáid chun críoch eile lasmuigh de raon feidhme an chomhair bhreithiúnaigh faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais a fhad is nach gcuireann an úsáid sin isteach ar úsáid an chórais e-CODEX. Níl feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le malartú trasteorann sonraí idir córais nasctha trí phointí rochtana údaraithe e-CODEX, i gcomhréir leis na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha chomhfhreagracha.*

(20) Ba cheart do eu-LISA a bheith freagrach as comhpháirteanna an chórais e-CODEX, cé is moite de ▌ bhainistiú ***na tairsí***, ós rud é gurb é an Coimisiún a sholáthraíonn í faoi láthair ar bhonn trasearnála laistigh de r-Sheachadadh. Ba cheart do eu-LISA an fhreagracht iomlán a ghlacadh as ▌ bainistiú an ***nascóra*** agus as na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. Ós rud é gur comhpháirteanna dílse den ***chóras e-CODEX*** iad an ***tairseach*** agus an ***nascóir***, ba cheart do eu-LISA a áirithiú go bhfuil an nascóir comhoiriúnach leis an leagan is déanaí den tairseach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún eu-LISA a áireamh san ***obair ullmhúcháin arna déanamh sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX agus i*** gcomhlacht ábhartha rialachais r-Sheachadadh amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(21) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh sa chreat sin, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a bhunú: na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil ***agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht***, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX; ceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag eu-LISA chomh maith leis na sonraíochtaí teicniúla riachtanacha eile le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin***, lena n-áirítear líon na gcomhfhreagraithe e-CODEX a bheidh ag na pointí rochtana údaraithe e-CODEX, i gcomhréir le líon na bpointí rochtana údaraithe e-CODEX agus le líon na gcaighdeán nós imeachta digiteach a chuireann siad i bhfeidhm;*** agus na ***socruithe sonracha*** a bhaineann le haistriú agus glacadh freagrachta an chórais e-CODEX. Chomh maith leis sin, ***ba cheart*** a bheith in ann a bhunú leis na gníomhartha cur chun feidhme caighdeáin nós imeachta dhigiteacha chun tacú le húsáid an chórais e-CODEX sna nósanna imeachta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh ***in ábhair shibhialta agus choiriúla***.

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

***(22)*** ***Ba cheart an nascóir a bheith in ann tacú go teicniúil le gach cineál ríomhshéala agus ríomhshínithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Ba cheart caighdeáin oibriúcháin slándála maidir leis an nascóir a áireamh sna híos-sonraíochtaí teicniúla agus sna híoschaighdeáin theicniúla arna mbunú ag an gCoimisiún. Ba cheart a chur san áireamh sna riachtanais slándála maidir le feidhmiú an nascóra caighdeáin le haghaidh slándáil faisnéise agus gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann cheana, amhail Rialacháin (AE) Uimh. 910/2014, (AE) 2016/679[6] agus (AE) 2018/1725[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].***

(23) Ba cheart freagrachtaí sonracha eu-LISA i ndáil le ▌ bainistiú an chórais e- CODEX a leagan síos.

***(24)*** ***Mar chuid de chúraimí eu-LISA, ba cheart a bheith in ann gnéithe nua a chur leis an gcóras e-CODEX, más gá. Gné nua amháin den sórt sin ba cheart a bheith ann ná gné sa nascóir lena gceadaítear sonraí staidrimh ábhartha a aisghabháil maidir le líon na dteachtaireachtaí teicniúla a sheoltar agus a fhaightear trí gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX.***

---

**5** Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

**6** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**7** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**8** Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

(25) ***Ar*** an ***leibhéal*** náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann údaráis phoiblí nó ***daoine dlítheanacha***, ***amhail*** cuideachtaí príobháideacha agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chleachtóirí dlí, ***a údarú chun pointí rochtana e-CODEX a oibriú.*** Ba cheart do na Ballstáit liosta a choinneáil de phointí rochtana údaraithe e-CODEX den sórt sin agus fógra a thabhairt do eu-LISA fúthu chun cur ▌ ar a gcumas ***idirghníomhú le chéile*** i gcomhthéacs na nósanna imeachta ábhartha. ***Ní mór d'eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX ar an leibhéal náisiúnta na ceanglais agus na prionsabail maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a údarú chun pointí rochtana e-CODEX a oibriú.*** Ba cheart don Choimisiún liosta a choinneáil de phointí rochtana údaraithe e-CODEX den sórt sin ***agus fógra a thabhairt do eu-LISA fúthu*** chun cur ▌ ar a gcumas ***idirghníomhú le chéile*** i gcomhthéacs na nósanna imeachta ábhartha***. Eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX ar leibhéal an Aontais, tá siad leis na ceanglais agus na prionsabail maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.*** Cé gur cheart ▌ do eu-LISA bainistiú an chórais e-CODEX a áirithiú, agus ag féachaint do chineál díláraithe an chórais e-CODEX, ba cheart an fhreagracht as pointí rochtana údaraithe e-CODEX a bhunú agus a oibriú a bheith, go heisiach, ar na heintitis a oibríonn na pointí rochtana ábhartha údaraithe ***e-CODEX***. Ba cheart an fhreagracht a bheith ar ***eintiteas*** a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX as aon damáiste a eascraíonn as oibriú an phointe rochtana údaraithe e-CODEX ***sin***, ***i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a fhíorú go bhfuil an trealamh teicniúil agus na hacmhainní daonna is gá ag eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX chun a ráthú go bhfeidhmeoidh an córas e-CODEX i gceart agus ar bhealach iontaofa. I gcás nach bhfuil an trealamh teicniúil agus na hacmhainní daonna is gá ag na heintitis sin, ba cheart údarú a bpointe rochtana údaraithe e-CODEX a bhaint díobh.***

*(26) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar na pointí rochtana údaraithe e-CODEX as a bhfuil siad freagrach, go háirithe nuair is eintitis nach údaráis phoiblí iad a oibríonn na pointí rochtana údaraithe e-CODEX sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil bearta leormhaithe slándála sonraí i bhfeidhm.*

*(27) Ba cheart do na Ballstáit an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin gcóras e-CODEX trí bhíthin sraith cainéal cumarsáide mórscála, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin agus ardáin meán sóisialta;*

*(28) Cé gur faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh cé na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha atá gach pointe rochtana e-CODEX atá údaraithe aige i dteideal a chur i bhfeidhm, ba cheart do gach Ballstát a áirithiú, mar sin féin, go mbeidh feidhm ina gcríoch féin ag na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha ar fad arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme faoin Rialachán seo.*

(29) ***Ba cheart sásra a chur i bhfeidhm*** chun faireachán a dhéanamh ar ***thionchar*** na n-ionstraimí lena gcumasaítear malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ***ábhair*** shibhialta agus choiriúla san Aontas. Ba cheart do ***na heintitis a oibríonn*** pointí rochtana údaraithe e-CODEX a bheith in ann, dá bhrí sin, sonraí cuimsitheacha maidir le húsáid ***an chórais e-CODEX*** a bhailiú agus a choinneáil ar bun go córasach. Ní hamháin gur cheart don mhéid sin obair na mBallstát a mhaolú ó thaobh bhailiú na sonraí ábhartha de agus cuntasacht agus trédhearcacht fhrithpháirteach a áirithiú, ach lena chois sin ba cheart dó an faireachán *ex post* ag an gCoimisiún ar ghníomhartha dlí an Aontais arna nglacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla a éascú go mór. Níor cheart ach sonraí comhiomlánaithe a chumhdach san fhaisnéis a bhailítear, agus níor cheart sonraí pearsanta a bheith iontu.

***(30) Agus tacaíocht theicniúil á tabhairt do chomhfhreagraithe e-CODEX i ndáil leis an gcóras e-CODEX, ba cheart do eu-LISA feidhmiú mar phointe teagmhála aonair, lena n-áirítear chun críocha na tairsí.***

(31) Ba cheart do eu-LISA ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun agus a chúraimí á ndéanamh aige. Nuair a thugtar faoi éabhlóidí teicniúla breise bogearraí ***nó nuair a fhorbraítear uasghráduithe***, ba cheart do eu-LISA prionsabail na slándála trí dhearadh agus cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart an fhreagracht a bheith ar eintiteas a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX as slándáil ***agus cosaint*** na sonraí a tharchuirtear trína phointe rochtana údaraithe e-CODEX.

***(32) Níor cheart faisnéis rúnaicmithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh[9], a tharchur tríd an gcóras e-CODEX, mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin, i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais agus sa dlí náisiúnta.***

[9] ***IO C 202, 8.7.2011, lch. 13.***

(33) Ionas go mbeidh eu-LISA in ann ullmhú go leordhóthanach do ghlacadh freagrachta an chórais e-CODEX, ba cheart don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX doiciméad aistrithe a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2022 ina leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX, lena n-áirítear na critéir le haghaidh próiseas rathúil aistrithe agus le haghaidh chur i gcrích rathúil an phróisis sin, i gcomhréir le gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart a chumhdach sa doiciméad aistrithe comhpháirteanna an chórais e- CODEX, lena n-áirítear an tairseach, an nascóir agus na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, chomh maith leis na táirgí ***bogearraí*** tacaíochta ábhartha, ***an doiciméadacht tacaíochta ábhartha agus na sócmhainní tacaíochta ábhartha eile***. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta chun a áirithiú go gcomhlíontar leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus an doiciméad aistrithe. Níor cheart an fhreagracht a ghlacadh go dtí go mbeidh sé dearbhaithe ag an gCoimisiún go bhfuil an próiseas curtha i gcrích go rathúil, ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus le eu-LISA***. Tar éis dó an doiciméad aistrithe a thíolacadh agus go dtí go ndéanfar an córas e-CODEX a aistriú go rathúil chuig eu-LISA, níor cheart don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX ***aon athrú a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX ná*** aon eisiúint ***bogearraí*** nua a sheachadadh ***ach amháin chun*** cothabháil cheartaitheach a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX▌ .

(34) Mar chuid d'aistriú an chórais CODEX go eu-LISA, ba cheart a áirithiú go n-aistreofar aon chearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta ábhartha, an doiciméadacht tacaíochta ábhartha agus na sócmhainní tacaíochta ábhartha eile chuig eu-LISA ionas go mbeidh sé in ann a fhreagrachtaí faoin Rialachán seo a chur i gcrích. Mar sin féin, i dtaca le príomh-chomhpháirteanna bogearraí an chórais e-CODEX, níl aon ghá le haistriú conarthach toisc gur bogearraí foinse oscailte iad na comhpháirteanna bogearraí sin, agus go gcumhdaítear le Ceadúnas Poiblí an Aontais Eorpaigh iad.

(35) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX go tráthrialta, ba cheart do eu-LISA tuairisciú don Choimisiún gach dara bliain faoi éabhlóid theicniúil agus faoi fheidhmiú teicniúil an chórais e-CODEX. Chun go gcuirfear leis an tuarascáil sin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do eu-LISA maidir leis na pointí rochtana údaraithe e-CODEX ***le haghaidh na gcóras nasctha*** ina ***gcríoch*** féin, agus ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

***(36) Ba cheart do Ghrúpa Comhairleach e-CODEX an saineolas riachtanach a bhaineann leis an gcóras e-CODEX a sholáthar do eu-LISA, go háirithe trí mhalartú taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn. Ba cheart do Ghrúpa Comhairleach e-CODEX a bheith in ann a bheith rannpháirteach i bhforbairt caighdeán nós imeachta digiteach nua, lena n-áirítear na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha sin arna seoladh ar thionscnamh na mBallstát.***

***(37)*** ***Ba cheart téarma oifige chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX agus a gcomhaltaí malartacha a bheith inathnuaite. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar ionadaíocht na mBallstát éagsúil ar Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX, atá le cur chun cinn aon uair is féidir chun a áirithiú go mbeidh ionadaíocht ag gach Ballstát ar Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX le himeacht ama.***

***(38)*** ***Agus a chuid dualgas á ndéanamh aige, ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a áirithiú maidir le gach beart a dhéanann eu-LISA i ndáil leis an gcóras e-CODEX, idir bhearta teicniúla, mar shampla, bearta a bhaineann le bonneagar, bainistiú sonraí agus scaradh sonraí, agus bhearta eagraíochtúla, mar shampla bearta a bhaineann le príomhphearsanra agus acmhainní daonna eile, go mbeidh na bearta sin i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna.***

***(39)*** ***Chun go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann measúnú a dhéanamh ar an rath a bheidh ar aistriú an chórais e-CODEX agus maidir le cé chomh maith agus a fheidhmíonn an córas e-CODEX i gcoitinne, ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí foriomlána a dhéanamh go tráthrialta ar an gcóras e-CODEX. Ba cheart don Choimisiún an chéad mheastóireacht den sórt sin a ullmhú 3 bliana tar éis do eu-LISA freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin.***

*(40) Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do eu-LISA chun a áirithiú go mbeidh sé in ann a chúraimí nua mar a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh go leormhaith. Na hacmhainní a ghealltar d'oibriú an chórais e-CODEX i gcomhréir leis an Rialachán seo, níor cheart iad a úsáid chun aon chríche eile.*

*(41) Maidir leis na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh na gcúraimí a leagtar síos leis an Rialachán seo, níor cheart le haon ní sa Rialachán seo cosc a chur ar Bhallstát iarratas a dhéanamh ar chistiú ó chláir mhaoiniúcháin de chuid an Aontais chun an córas e-CODEX a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.*

*(42) A mhéid a cheadaítear leis an dlí náisiúnta, ní dhéantar, le haon ní sa Rialachán seo, cosc a chur ar fhaisnéis a chur faoi bhráid eu-LISA ar bhealach uathoibrithe, go háirithe na fógraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*

(43) Leis an Rialachán seo ní dhéantar foráil d'aon bhunús sonrach dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo, ba cheart í a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Rialachán (AE) 2016/679 ***agus Treoracha 2002/58/CE***[10] ***agus (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, tá feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá bunaithe laistigh de ***chríoch*** na mBallstát i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(44) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais faoin Rialachán seo.

***[10] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).***

*(45) Ba cheart d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó a gcuid fochomhlachtaí, arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó d'eintitis nó comhlachtaí ábhartha eile, arna mbunú le comhaontú idir dhá thír nó níos mó, nó ar bhonn comhaontú den sórt sin, a bheith in ann a bheith rannpháirteach sa chóras e-CODEX mar gheallsealbhóirí ábhartha tar éis dá bhainistiú oibríochtúil a bheith curtha de chúram ar eu-LISA. Chuige sin, agus chun oibriú éifeachtach, caighdeánaithe agus slán an chórais e-CODEX a áirithiú, ba cheart do eu-LISA a bheith in ann socruithe oibre a thabhairt i gcrích leis na heagraíochtaí, comhlachtaí agus eintitis sin de bhun Rialachán (AE) 2018/1726.*

*(46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an córas e-CODEX a bhunú ar leibhéal an Aontais agus bainistiú oibríochtúil an chórais a chur de chúram ar eu-LISA, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.*

***(47)*** ***Ba cheart don Choimisiún staidéar a dhéanamh ar a indéanta atá sé ligean do thríú tíortha a bheith rannpháirteach sa chóras e-CODEX agus, más gá, togra reachtach a thíolacadh chun an rannpháirtíocht sin a cheadú agus chun rialacha agus prótacail a leagan síos chuige sin.***

***(48***) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(49) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

***(50) Is i dTaillinn na hEastóine a bunaíodh suíomh eu-LISA. I ngeall ar a chineál sonrach agus a shaintréithe sonracha, measadh gurbh iomchuí an córas e-CODEX a fhorbairt agus a bhainistiú go hoibríochtúil i dTaillinn na hEastóine.***

(51) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 26 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Caibidil 1
## Forálacha Ginearálta

### Airteagal 1
### Ábhar

***1.*** Leis an Rialachán seo, bunaítear ***an creat dlíthiúil don*** chóras e-CODEX.

***2.*** Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sainiú, comhdhéanamh, ***feidhmeanna agus bainistiú*** an chórais e-CODEX;

(b) ***freagrachtaí*** Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) ***i ndáil leis an gcóras e-CODEX***;

(c) freagrachtaí an Choimisiúin, na mBallstát agus na n-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

***(d) an creat dlíthiúil do shlándáil an chórais e-CODEX.***

Airteagal 2

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***malartú*** trasteorann leictreonach ***sonraí*** i réimse ***an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair*** shibhialta agus choiriúla trí bhíthin an chórais e-CODEX i gcomhréir le gníomhartha dlí an ***Aontais*** arna nglacadh sa réimse sin.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

***(1)*** ***ciallaíonn 'córas e-CODEX' (Cumarsáid r-Cheartais trí chóras Malartaithe Sonraí ar Líne) córas díláraithe agus idir-inoibritheach le haghaidh cumarsáid trasteorann chun malartú leictreonach sonraí a éascú, lena n-áirítear aon ábhar is in-tarchurtha i bhfoirm leictreonach, ar bhealach tapa, slán agus iontaofa i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla;***

(2) ▌ciallaíonn 'pointe rochtana e-CODEX' na ▌ ***pacáistí*** bogearraí atá suiteáilte ar bhonneagar crua-earraí atá in ann faisnéis a tharchur chuig pointí rochtana e-CODEX eile agus faisnéis a fháil uathu ar bhealach ***slán*** iontaofa;

(3) ciallaíonn ‘pointe rochtana údaraithe e-CODEX’ pointe rochtana e-CODEX atá ***údaraithe ag an gCoimisiún nó ag Ballstát*** agus ar tugadh fógra do eu-LISA faoi i gcomhréir le hAirteagal 6(4) nó le hAirteagal 8(1) agus a chuireann caighdeán nós imeachta digiteach ***amháin ar a laghad*** i bhfeidhm;

(4) ciallaíonn ‘eintiteas a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX’ ▌ údarás poiblí náisiúnta nó duine dlítheanach ***atá údaraithe faoin dlí náisiúnta nó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais*** a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX;

***(5) ciallaíonn ‘comhfhreagraí e-CODEX’ duine nádúrtha, arna ainmniú ag Ballstát nó ag an gCoimisiún, atá in ann tacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (f), a iarraidh agus a fháil ó eu-LISA maidir le comhpháirteanna uile an chórais e-CODEX i gcomhréir le hAirteagal 7(3);***

(6) ciallaíonn ‘córas nasctha’ córas TF atá nasctha le pointe rochtana e-CODEX chun ***sonraí a mhalartú*** le ***córais TF*** eile ***den sórt sin***;

(7) ciallaíonn ‘ardán lárnach tástála’ ***comhpháirt*** den ***chóras*** e-CODEX, a úsáidtear go heisiach le haghaidh tástála, lena soláthraítear sraith feidhmeanna ar féidir le heintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX a úsáid chun a fhíorú an bhfuil a gcuid pointí rochtana údaraithe e-CODEX ag feidhmiú mar is ceart agus an bhfuil na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha sna córais nasctha ***a bhaineann leis*** na pointí rochtana údaraithe e-CODEX ***sin*** á n-úsáid mar is ceart;

(8) ciallaíonn ‘samhail próisis gnó’ léiriú grafach agus téacsach de shamhail choincheapúil de roinnt gníomhaíochtaí nó cúraimí struchtúrtha gaolmhara, mar aon le samhlacha sonraí ábhartha, agus an seicheamh ina gcaithfear na gníomhaíochtaí nó na cúraimí a dhéanamh chun idirghníomhaíocht ***chaighdeánaithe*** fhóinteach a bhaint amach idir dhá pháirtí nó níos mó;

▌

***(9) ciallaíonn ‘caighdeán nós imeachta digiteach’ na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh samhlacha próisis gnó agus le haghaidh na scéimrí sonraí lena leagtar amach struchtúr leictreonach na sonraí arna malartú tríd an gcóras e-CODEX bunaithe ar Chroístór Focal r-Cheartais an Aontais.***

***Airteagal 4***

***Neamh-idirdhealú agus urraim do chearta bunúsacha***

***Cearta agus saoirsí bunúsacha gach duine a ndéantar difear dóibh le malartú leictreonach sonraí tríd an gcóras e-CODEX, go háirithe an ceart chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachta, déanfar iad a urramú go hiomlán i gcomhréir le dlí an Aontais***.

## Caibidil 2

## Comhdhéanamh, feidhmeanna agus freagrachtaí maidir leis an gcóras e-CODEX

### Airteagal 5

### Comhdhéanamh an chórais e-CODEX

1. Beidh an córas e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

   (a) pointe rochtana e-CODEX ▌***;***

   ***(b)*** caighdeáin nós imeachta dhigiteacha; ***agus***

   ***(c)*** ***na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní tacaíochta eile a liostaítear san Iarscríbhinn***.

2. Beidh pointí rochtana e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(a) tairseach ina bhfuil bogearraí, bunaithe ar shraith choiteann de phrótacail, lenar féidir faisnéis a mhalartú go slán thar líonra teileachumarsáide le tairsí eile a úsáideann an tsraith choiteann chéanna de phrótacail;

(b) nascóir, lenar féidir córais nasctha a nascadh leis an tairseach dá dtagraítear i bpointe (a), ina bhfuil bogearraí, bunaithe ar shraith choiteann de phrótacail oscailte, lenar féidir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) teachtaireachtaí a struchtúrú, a logáil agus a nascadh;

(ii) sláine agus barántúlacht teachtaireachtaí a fhíorú;

(iii) cruthúnas am-nasctha go bhfuarthas teachtaireachtaí malartaithe a chruthú.

Airteagal 6

Freagrachtaí an Choimisiúin

1. Faoin 31 Nollaig 2022, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas:

(a) na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil ***agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht***, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal ***5***;

(b) ceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag eu-LISA dá dtagraítear in Airteagal *7* agus na sonraíochtaí teicniúla riachtanacha eile le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ***lena n-áirítear líon na gcomhfhreagraithe e-CODEX***;

(c) socruithe sonracha phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta dá dtagraítear in Airteagal ***10***.

2. Féadfaidh an Coimisiún caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a ghlacadh, ***trí bhíthin gníomhartha*** cur chun feidhme***, mura bhforáiltear do ghlacadh caighdeán nós imeachta digiteach i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla***.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***19(2)***.

4. Coinneoidh an Coimisiún liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus de na ***caighdeáin nós imeachta dhigiteacha*** a chuireann gach ceann de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX sin i bhfeidhm. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do eu-LISA ▌ gan mhoill faoin liosta sin agus faoi aon athruithe air.

5. Ainmneoidh an Coimisiún ***líon áirithe*** comhfhreagraithe e-CODEX ***i gcomhréir le líon na bpointí rochtana e-CODEX atá údaraithe aige agus le líon na gcaighdeán nós imeachta digiteach a dhéanann na pointí rochtana údaraithe e-CODEX sin a chur i bhfeidhm***. Is iad na comhfhreagraithe e-CODEX ***sin*** amháin a bheidh i dteideal tacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (f), ▌ a iarraidh agus a fháil maidir leis an gcóras e-CODEX arna oibriú ag institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ***faoi na téarmaí a leagtar amach i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 1, pointe (b), den Airteagal seo***. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do eu-LISA faoi liosta de na comhfhreagraithe e-CODEX atá ainmnithe aige agus faoi aon athruithe air.

Airteagal 7

Freagrachtaí eu-LISA

1. Beidh eu-LISA freagrach as ▌ comhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal ***5, cé is moite den tairseach, agus, go sonrach, as na cúraimí seo a leanas***:

▌

(a) táirgí bogearraí ***agus sócmhainní eile*** a fhorbairt, a choinneáil ar bun, ***fabhtanna iontu a réiteach, agus a nuashonrú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an tslándáil,*** agus iad a dháileadh ar na ***heintitis a oibríonn*** pointí rochtana údaraithe e- CODEX;

(b) ***an*** doiciméadacht a bhaineann le comhpháirteanna an chórais e-CODEX***,*** a chuid táirgí bogearraí tacaíochta ***agus sócmhainní*** tacaíochta ***eile*** a ***ullmhú***, a choinneáil ar bun agus a ***nuashonrú***, agus an doiciméadacht sin a dháileadh ***ar na heintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX;***

(c) comhad cumraíochta ina bhfuil liosta uileghabhálach de phointí rochtana údaraithe e-CODEX, lena n-áirítear ***na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a*** dhéanann gach ceann de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX ***sin*** a chur i bhfeidhm, a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus a nuashonrú, agus é a dháileadh ar na h***eintitis a oibríonn*** pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(d) athruithe teicniúla a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX agus gnéithe nua, arna bhfoilsiú mar leaganacha nua de na ***bogearraí*** ▌, a chur leis chun freagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn***, amhail*** iad sin a eascraíonn as na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal ***6(2),*** nó arna iarraidh sin do Ghrúpa Comhairleach e-CODEX;

(e) gníomhaíochtaí tástála, lena n-áirítear nascacht, lena mbaineann pointí rochtana údaraithe e-CODEX a chomhordú agus tacú leo;

(f) tacaíocht theicniúil a sholáthar do na comhfhreagraithe e-CODEX i ndáil leis an gcóras e-CODEX;

(g) na ***caighdeáin nós imeachta dhigiteacha*** a ***fhorbairt, a imscaradh,*** a choinneáil ar bun ***agus a nuashonrú*** agus iad a dháileadh ar na h***eintitis a oibríonn*** pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(h) liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, ar pointí rochtana iad ar tugadh fógra dó fúthu, agus de na ***caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a*** dhéanann gach ceann de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX ***sin*** a chur i bhfeidhm;

(i) freagairt ar iarrataí ar chomhairle theicniúil agus tacaíocht theicniúil ó sheirbhísí an Choimisiúin i gcomhthéacs ullmhú na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal ***6(2)***;

(j) ***meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le caighdeáin nós imeachta dhigiteacha nua*** agus na caighdeáin nua sin ***a mheasúnú agus*** a ullmhú, lena n-áirítear trí cheardlanna leis na comhfhreagraithe e-CODEX a eagrú agus a éascú***;***

***(k) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais ar a bhfuil na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha bunaithe a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus a nuashonrú;***

***(l) na caighdeáin oibriúcháin slándála, dá bhforáiltear in Airteagal 11, a fhorbairt agus a dháileadh;***

***(m) oiliúint a sholáthar, lena n-áirítear do na geallsealbhóirí uile, maidir le húsáid theicniúil an chórais e-CODEX i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1726, lena n-áirítear ábhair oiliúna ar líne a sholáthar***.

2. Beidh eu-LISA freagrach as na cúraimí breise seo a leanas:

(a) an bonneagar TF crua-earraí agus bogearraí is gá chun a chúraimí a dhéanamh a sholáthar, a oibriú agus a choinneáil ar bun ar a shuíomhanna teicniúla;

(b) ardán lárnach tástála a sholáthar, a oibriú agus a choinneáil ar bun, ***agus sláine agus infhaighteacht na coda eile den chóras e-CODEX á n-áirithiú ag an am céanna***;

(c) an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas ▌ faoin gcóras e-CODEX trí bhíthin sraith cainéal cumarsáide mórscála, ***lena n-áirítear*** suíomhanna gréasáin nó ardáin meán sóisialta;

(d) faisnéis neamhtheicniúil ar líne i ndáil leis an gcóras e-CODEX agus na gníomhaíochtaí a dhéanann sé a ullmhú, a nuashonrú agus a dháileadh.

3. ***Chun críocha phointe (f) de mhír 1,*** cuirfidh eu-LISA acmhainní ar fáil ar bhonn glao-dhualgais le linn uaireanta gnó ionas go mbeidh pointe teagmhála aonair ann ***do chomhfhreagraithe e- CODEX maidir le tacaíocht theicniúil, lena n-áirítear maidir leis an tairseach***.

Airteagal 8

Freagrachtaí na mBallstát

1. ***Údaróidh*** na Ballstáit ***pointí rochtana e-CODEX do na córais nasctha ina gcríoch féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais is infheidhme.*** Coinneoidh na ***Ballstáit*** liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX ***sin*** agus ***de na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha*** a dhéanann gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX a chur i bhfeidhm. ***Tabharfaidh na Ballstáit*** fógra do eu-LISA gan mhoill faoin liosta sin agus faoi aon athruithe air. Déanfaidh ***na Ballstáit maoirseacht ar a bpointí rochtana údaraithe e-CODEX, ag áirithiú go mbeidh na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh go leanúnach. Ní oibreoidh na Ballstáit a bpointí rochtana údaraithe e-CODEX i dtríú tíortha.***

2. Ainmneoidh gach Ballstát ***líon áirithe*** comhfhreagraithe e-CODEX ***i gcomhréir le líon na bpointí rochtana e-CODEX atá údaraithe aige agus le líon na gcaighdeán nós imeachta digiteach a dhéanann na pointí rochtana údaraithe e-CODEX sin a chur i bhfeidhm***. Is iad na comhfhreagraithe ***e-CODEX*** sin amháin a bheidh i dteideal ▌ tacaíocht theicniúil ***dá*** dtagraítear in Airteagal ***7(1), pointe*** (f), a iarraidh agus a fháil ***faoi na téarmaí a leagtar amach i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 6(1), pointe (b)***. ***Tabharfaidh gach Ballstát fógra do eu-LISA faoi liosta de na comhfhreagraithe e-CODEX atá ainmnithe aige agus faoi aon athruithe air***.

Airteagal 9

Freagrachtaí na n-eintiteas a dhéanann pointí rochtana údaraithe e-CODEX

1. Beidh eintiteas a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX freagrach as é a ***chur ar*** bun ar bhealach slán agus a ***oibriú ar bhealach slán***. Ar an bhfreagracht ***sin,*** beidh na coigeartuithe is gá ar an nascóir dá dtagraítear in Airteagal ***5(2***), pointe (b), chun é a dhéanamh comhoiriúnach le haon chórais nasctha ▌.

2. Soláthróidh eintiteas a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX ***don Bhallstát a d'údaraigh an pointe rochtana e-CODEX na sonraí staidrimh a leagtar amach in Airteagal 15(1) agus sna*** gníomhartha dlí ábhartha de chuid an ***Aontais arna nglacadh*** i ***réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla***.

3. Beidh an fhreagracht as aon damáiste a eascraíonn as oibriú pointe rochtana údaraithe e-CODEX agus as aon chórais nasctha***, ar bhonn an dlí is infheidhme,*** ar an eintiteas a oibríonn an pointe rochtana údaraithe e-CODEX sin.

Airteagal 10

Aistriú agus glacadh freagrachta

1. Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX doiciméad aistrithe comhchoiteann a chur faoi bhráid eu-LISA ina sonrófar na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX, lena n-áirítear na critéir le haghaidh próiseas aistrithe rathúil agus le haghaidh chur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar, arna bhunú leis na gníomhartha cur chun feidhme ***arna nglacadh*** de bhun Airteagal ***6(1), pointe (c). Áireofar sa doiciméad aistrithe freisin*** forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na ***táirgí*** bogearraí tacaíochta, ***an doiciméadacht*** tacaíochta ***agus na sócmhainní*** tacaíochta ***eile*** a liostaítear san Iarscríbhinn, lena gcuirfear ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal *7*.

2. ***Laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis*** an doiciméad aistrithe dá dtagraítear i mír 1 a sheachadadh, beidh próiseas aistrithe agus glactha freagrachta ann idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA. ***Go dtí go ndéanfar an t-aistriú***, beidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX fós freagrach go hiomlán ***as*** agus áiritheoidh sé ***nach ndéanfar aon*** athrú ar an gcóras e-CODEX agus nach ***seachadfar*** aon leagan nua de na bogearraí ***ach amháin chun cothabháil cheartaitheach a dhéanamh*** ar an gcóras ▌ e-CODEX.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA socruithe na mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX a chur chun feidhme mar is ceart, ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 1.***Faoin 31 Iúil 2023, tabharfaidh an Coimisiún an t-eolas is déanaí maidir le próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

4. Glacfaidh eu-LISA freagracht air féin as an gcóras e-CODEX ar an dáta a ***dhearbhóidh*** an Coimisiún go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta tugtha chun críche go rathúil***, idir*** ▌ an 1 Iúil 2023 ***agus an 31 Nollaig 2023, tar éis dó dul i gcomhairle leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus le eu-LISA***.

Airteagal 11

An tslándáil

1. Tar éis freagracht ar an gcóras e-CODEX a bheith glactha go rathúil, is é eu-LISA a bheidh freagrach as leibhéal ard slándála a choinneáil ar bun le linn dó a chúraimí a dhéanamh, lena n-áirítear slándáil bhonneagar TF na gcrua-earraí agus na mbogearraí dá dtagraítear in Airteagal *7(2*). Go háirithe, déanfaidh eu-LISA plean slándála e-CODEX a bhunú agus a choinneáil ar bun agus áiritheoidh sé go n-oibreofar an córas e-CODEX i gcomhréir leis an bplean slándála sin, agus aicmiú na faisnéise a phróiseáiltear sa chóras e-CODEX agus rialacha slándála faisnéise eu-LISA á gcur san áireamh. Sa phlean slándála, déanfar foráil do chigireachtaí slándála tráthrialta agus iniúchtaí tráthrialta ar an gcóras e-CODEX, lena n-áirítear measúnuithe ar shlándáil bogearraí, le rannpháirtíocht na n-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX.

2. Agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige, cuirfidh eu-Lisa chun feidhme prionsabail na slándála trí dhearadh agus cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. ▌

3. Beidh na heintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX freagrach go heisiach as iad a ***chur ar bun ar bhealach slán agus a oibriú ar bhealach slán***, lena n-áirítear as slándáil na sonraí arna dtarchur tríothu***, agus aird á tabhairt ar na caighdeáin theicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 6(1), pointe (a), agus na rialacha slándála agus an treoir slándála dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo***.

4. ***Na heintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX***, tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon ***teagmhas*** slándála do eu-LISA agus, i gcás pointí rochtana údaraithe e-CODEX arna n-oibriú ag údarás náisiúnta poiblí nó duine dlítheanach ***atá údaraithe faoin dlí náisiúnta,*** don Bhallstát a choinníonn an liosta ar a liostaítear na pointí rochtana údaraithe e-CODEX sin nó, i gcás pointí rochtana údaraithe e-CODEX arna n-oibriú ag institiúid, comhlacht, ***oifig*** nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, don Choimisiún.

***5. I gcás ina ndéanfaidh eu-LISA aon leochaileachtaí nó teagmhais slándála a bhrath nó ar fhógra a fháil faoi theagmhas slándála dá bhforáiltear i mír 4, déanfaidh eu-LISA anailís ar an teagmhas slándála agus déanfaidh sé na heintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX agus a mbíonn tionchar aige orthu agus Grúpa Comhairleach e-CODEX a chur ar an eolas gan mhoill.***

***6.*** Forbróidh eu-LISA rialacha slándála agus treoir slándála maidir le pointí rochtana údaraithe e-CODEX. Eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX, cuirfidh siad ráitis ar fáil do eu-LISA lena gcruthaítear go bhfuil na ▌ ***rialacha*** slándála maidir le pointí rochtana údaraithe e-CODEX á gcomhlíonadh acu. Déanfar na ráitis sin a nuashonrú ar bhonn bliantúil nó aon uair a éilítear athrú ar shlí eile.

Airteagal 12

Grúpa Comhairleach e-CODEX

1. Amhail ón 1 Eanáir 2023, soláthróidh Grúpa Comhairleach e-CODEX, a bunaíodh de bhun Airteagal 27(1), pointe (dc), de Rialachán (AE) 2018/1726, an saineolas is gá a bhaineann leis an gcóras e-CODEX do eu-LISA, go háirithe i gcomhthéacs a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú ▌. Féadfaidh Grúpa Comhairleach e-CODEX ***foghrúpaí a bhunú, ina mbeidh cuid dá chomhaltaí, chun scrúdú a dhéanamh ar ábhair shonracha, lena n-áirítear caighdeáin nós imeachta dhigiteacha shonracha.***

***2. Déanfaidh Grúpa Comhairleach e-CODEX an méid seo a leanas, go háirithe:***

***(a) an obair leantach a dhéanamh a bhaineann le cur chun feidhme an chórais e-CODEX sna Ballstáit;***

***(b) meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le caighdeáin nós imeachta dhigiteacha nua, agus measúnú a dhéanamh orthu agus iad a ullmhú;***

***(c) comhroinnt faisnéise a chur chun cinn;***

(d) ***faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an leibhéil seirbhíse a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(1), pointe (b), ag eu-LISA;***

(e) ***tuairim a thabhairt maidir le dréachtleagan den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 16.***

3. Le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta dá dtagraítear in Airteagal 10, tiocfaidh Grúpa Comhairleach e-CODEX le chéile go tráthrialta, gach dara mí ar a laghad go dtí go gcuirfear próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta i gcrích go rathúil ***agus gach 6 mhí ar a laghad ina dhiaidh sin***.

4. Tabharfaidh Grúpa Comhairleach e-CODEX tuairisc do Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX tar éis gach cruinnithe. Soláthróidh Grúpa Comhairleach e-CODEX saineolas teicniúil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX ▌.

5. Tabharfaidh Grúpa Comhairleach e-CODEX rannpháirt ina chuid oibre do ***gheallsealbhóirí agus saineolaithe ábhartha***, ***lena n-áirítear comhaltaí de na breithiúna, cleachtóirí dlí agus*** eagraíochtaí gairmiúla ▌, a ndéanann an córas e-CODEX ***difear dóibh, a úsáideann an córas e-CODEX nó a ghlacann páirt*** sa chóras e-CODEX ▌.

Airteagal 13

Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX

1. Faoin 1 Eanáir 2023, bunóidh Bord Bainistíochta eu-LISA Bord Bainistíochta ***buan*** de chuid an Chláir e-CODEX.

***Déanfaidh Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX an méid seo a leanas:***

***(a) comhairle a chur ar Bhord Bainistíochta eu-LISA faoi inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais e-CODEX, go háirithe le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta dá dtagraítear in Airteagal 10, maidir le tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí, agus gealltanais straitéiseacha eile;***

***(b) bainistiú leordhóthanach an chórais e-CODEX a áirithiú; agus***

***(c) faireachán a dhéanamh ar urraim do phrionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna agus gníomhaíocht choisctheach nó cheartaitheach a spreagadh, i gcás inar gá.***

***Ní bheidh sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann*** chomhaltaí ***Bhord Bainistíochta eu-LISA.***

2. Beidh ***an deichniúr comhaltaí*** seo a leanas ar Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX:

(a) cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal ***12;***

***(b) ochtar comhaltaí arna gceapadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA;*** agus

(c) comhalta amháin arna cheapadh ag an gCoimisiún.

***Beidh comhalta malartach ag gach comhalta de Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX.*** Áiritheoidh Bord Bainistíochta eu-LISA go mbeidh an taithí is gá ag na comhaltaí ***de*** Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX ***agus ag na comhaltaí malartacha a cheapann sé***, ***lena n-áirítear i réimse an cheartais***, chomh maith leis an saineolas is gá maidir len***a gcúraimí a chomhlíonadh***.

***3.*** ***4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX agus a gcomhaltaí malartacha agus beidh an téarma sin inathnuaite.***

4. Beidh eu-LISA rannpháirteach in obair Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX. Chuige sin, freastalóidh ***ionadaí amháin*** de chuid eu-LISA ar chruinnithe Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX chun tuairisciú ar obair a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus ar aon obair ghaolmhar agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile.

5. Tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX le chéile uair amháin gach ***6*** mhí ar a laghad agus níos minice ná sin nuair is gá. ▌ Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA go tráthrialta, agus ***ar a laghad tar éis*** gach ***cruinnithe,*** maidir le ***stádas an chórais e-CODEX agus*** an dul chun cinn atá déanta ina leith.

6. Déanfaidh Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a rialacha nós imeachta a bhunú, lena n-áireofar, go háirithe, rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) roghnú ***an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh agus a dtéarmaí oifige;***

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) na cruinnithe a ullmhú;

(d) ***geallsealbhóirí agus*** saineolaithe a ligean isteach i gcruinnithe, lena n-áirítear ***comhaltaí de na breithiúna, cleachtóirí dlí agus eagraíochtaí gairmiúla a ndéanann an córas e-CODEX difear dóibh, a úsáideann an córas e-CODEX nó a ghlacann páirt*** ▌ sa chóras e-CODEX; ▌

(e) pleananna cumarsáide lena n-áirithítear go gcoimeádfar comhaltaí Bhord Bainistíochta eu-LISA nach comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX iad go hiomlán ar an eolas faoin obair a dhéanann Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX.

▌

***7. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2018/1726 a mhéid a bhaineann le cathaoirleach agus leaschathaoirleach Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX.***

8. Beidh gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX agus a gcomhaltaí malartacha ***réasúnta agus comhréireach agus*** íocfaidh eu-LISA astu ***i gcomhréir lena*** rialacha nós imeachta ▌ .

9. Cuirfidh eu-LISA an rúnaíocht ar fáil do Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX.

▌

***Airteagal 14***

***Neamhspleáchas na mbreithiúna***

***1. Agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á gcur i gcrích acu, déanfaidh gach eintiteas prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú, agus aird á tabhairt ar phrionsabal scaradh na gcumhachtaí.***

***2. Chun na críche sin, geallfaidh eu-LISA iomlán na n-acmhainní a chur ar fáil dó le haghaidh an chórais e-CODEX dá oibriú faoin Rialachán seo agus áiritheoidh sé go mbeidh ionadaithe na mbreithiúna rannpháirteach i mbainistiú an chórais e-CODEX, de bhun Airteagail 12 agus 13.***

Airteagal 15

Fógraí

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis do eu-LISA an fhreagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh chuige féin, tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA faoi na sonraí staidrimh seo a leanas:

▌

(a) líon na dteachtaireachtaí ***teicniúla*** arna seoladh agus arna bhfáil ***trí*** gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX ***le haghaidh na gcóras nasctha*** laistigh dá g***críoch***, arna ngrúpáil de réir an phointe rochtana údaraithe e-CODEX chomhfhreagraigh agus an ***chaighdeáin nós imeachta dhigitigh, mura rud é go bhfuil feidhm ag*** nós imeachta ***coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi ghníomh dlí eile de chuid an Aontais***;

(b) líon agus cineál na dteagmhas ar tháinig eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX orthu ***le haghaidh na gcóras nasctha*** laistigh dá gcríoch a raibh tionchar acu ar shlándáil an chórais e-CODEX, ***mura rud é go bhfuil feidhm ag nós imeachta coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi ghníomh dlí eile de chuid an Aontais***.

2. Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis do eu-LISA an fhreagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh chuige féin, tabharfaidh an Coimisiún fógra do eu-LISA faoi na sonraí staidrimh seo a leanas:

▌

(a) líon na dteachtaireachtaí ***teicniúla*** arna seoladh agus arna bhfáil ***trí*** gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX ***atá á oibriú ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais,*** arna ngrúpáil de réir an phointe rochtana údaraithe e-CODEX chomhfhreagraigh agus an ***chaighdeáin nós imeachta dhigitigh, mura rud é go bhfuil feidhm ag nós imeachta coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi ghníomh dlí eile de chuid an Aontais***;

(b) líon agus cineál na dteagmhas ar tháinig eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX orthu, i gcás inar institiúidí, comhlachtaí, ***oifigí*** agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais iad na heintitis sin, agus a raibh tionchar acu ar shlándáil an chórais e-CODEX, ***mura rud é go bhfuil feidhm ag nós imeachta coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi ghníomh dlí eile de chuid an Aontais.***

***3. Leis na fógraí faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, dearbhófar an bhfuil na liostaí de phointí rochtana údaraithe e-CODEX agus de na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 8(1) cothrom le dáta.***

Airteagal 16

Faireachán agus tuairisciú

1. 2 bhliain tar éis dó an fhreagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh chuige féin, agus gach dara bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoi fheidhmiú teicniúil agus úsáid an chórais e-CODEX, lena n-áirítear slándáil an chórais e-CODEX.

2. Déanfaidh eu-LISA na sonraí a fhaightear ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit de bhun ***Airteagal 6(4), Airteagal 8(1) agus Airteagal 15*** a chomhdhlúthú agus soláthróidh sé na táscairí seo a leanas mar chuid den tuarascáil dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo:

   (a) líon na ***gcaighdeán nós imeachta digiteach***, agus liosta díobh, ar úsáideadh an córas e-CODEX lena n-aghaidh le linn na tréimhse tuairiscithe;

   (b) líon na bpointí rochtana údaraithe e-CODEX le haghaidh gach Ballstáit agus gach ***caighdeáin nós imeachta dhigitigh***;

(c) líon na dteachtaireachtaí ***teicniúla*** a sheoltar tríd an gcóras e-CODEX le haghaidh gach ***caighdeáin nós imeachta dhigitigh*** idir gach ceann de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(d) líon agus cineál na dteagmhas a imríonn tionchar ar shlándáil an chórais e-CODEX agus faisnéis faoi chomhlíonadh phlean slándála e-CODEX.

3. 3 bliana tar éis do eu-LISA freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar an gcóras e-CODEX. Sa mheastóireacht fhoriomlán sin, beidh measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus scrúdú ar na torthaí a baineadh amach in aghaidh na gcuspóirí a saothraíodh, agus féadfar gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a mholadh inti. ***Agus a chuid meastóireachtaí á ndéanamh aige***, déanfaidh an Coimisiún athscrúdú freisin ar ról Bhord Bainistíochta an Chláir ***e-CODEX*** agus an leanfar ar aghaidh leis, ***bunaithe ar fhorais oibiachtúla agus, más gá, molfaidh sé feabhsuithe.*** Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht fhoriomlán chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

***Airteagal 17***

***Comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta***

***1.*** ***Féadfaidh eu-LISA socruithe oibre a thabhairt i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó lena gcuid fochomhlachtaí, arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile, arna mbunú ag comhaontú idir dhá thír nó níos mó, nó ar bhonn comhaontú den sórt sin, chun go mbeidh siad in ann tacaíocht theicniúil a iarraidh agus a fháil agus an córas e-CODEX á úsáid acu. Tabharfar na socruithe oibre sin i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2018/1726.***

***2.*** ***Leis na socruithe oibre dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar a cheadú duine nádúrtha amháin a ainmniú in aghaidh na heagraíochta idirnáisiúnta, an chomhlachta nó an eintitis chun feidhmiú mar chomhfhreagraí a bheidh i dteideal tacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (f), a iarraidh agus a fháil faoi na téarmaí a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 6(1), pointe (b), ar choinníoll nach ndéantar difear, le tacaíocht theicniúil den sórt sin, do na costais dá dtagraítear in Airteagal 20(1).***

## Caibidil 3
## Forálacha leasaitheacha

### Airteagal 18
### Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as forbairt agus bainistiú oibríochtúil an chórais ríomhairithe, lena n-áirítear éabhlóidí teicniúla, le haghaidh ***malartú*** trasteorann ***leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair*** shibhialta agus choiriúla ('an córas e-CODEX').';

(b) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:***

***'5. Féadfar an fhreagracht a chur ar an nGníomhaireacht maidir le hullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais seachas na córais sin dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 4a den Airteagal seo, lena n-áirítear córais atá ann cheana, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena rialaítear na córais sin, bunaithe ar Airteagail 67 go 89 CFAE, agus sa chás sin amháin, agus na forbairtí i dtaighde dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo agus torthaí na dtreoirthionscadal agus na gcruthúnas coincheapa dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán seo á gcur san áireamh, i gcás inarb iomchuí.';***

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 8b

Cúraimí a bhaineann leis an gcóras e-CODEX

I ndáil leis an gcóras e-CODEX, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) na cúraimí arna dtabhairt di le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[+];

(b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil an chórais e-CODEX, lena n-áirítear ábhair oiliúna ar líne a sholáthar.

___________

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le córas ríomhairithe le haghaidh ***malartú*** trasteorann ***leictreonach sonraí*** i ***réimse an chomhair bhreithiúnaigh in*** ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L …).';

---

[+] IO: cuir uimhir an Rialacháin isteach sa téacs, le do thoil, agus cuir uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin seo isteach san fhonóta.

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, DubliNet, ECRIS-TCN, an chórais e-CODEX agus na gcóras mórscála TF eile dá dtagraítear in Airteagal 1(5).’;

***(4) in Airteagal 17, mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:***

***‘Cuirfear na cúraimí a bhaineann le forbairt agus le bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 1(4a) agus in Airteagal 8b i gcrích i dTaillinn na hEastóine.’;***

(5) in Airteagal 19, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff):

‘(ff) tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil an mhéid seo a leanas:

(i) SIS de bhun Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Airteagal 74(8) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(ii) VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB;

(iii) EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(iv) ETIAS de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(v) ECRIS-TCN agus cur chun feidhme thagairt ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816;

(vi) na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;

(vii) an córas e-CODEX de bhun Airteagal ***16(1)*** de Rialachán (AE) .../... +;

___________

* Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).';

---

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (mm):

‘(mm) foilsiú bliantúil an mhéid seo a leanas a áirithiú:

(i) an liosta de na húdaráis inniúla a údaraítear chun na sonraí atá in SIS a chuardach go díreach, de bhun Airteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 56(7) de Rialachán (AE) 2018/1862, maille le liosta d’Oifigí chórais náisiúnta SIS (N.SIS) agus liosta de Bhiúrónna SIRENE de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1862, faoi seach;

(ii) an liosta de na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(iii) an liosta de na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 87(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(iv) an liosta de na húdaráis lárnacha de bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2019/816;

(v) an liosta de na húdaráis de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2019/818;

(vi) an liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX de bhun Airteagal ***7(1)***, pointe (h), de Rialachán (AE) .../...+;**'**;

(6) in Airteagal 27(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(dc) Grúpa Comhairleach e-CODEX***;'.***

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

## Caibidil 4
## Forálacha críochnaitheacha

### Airteagal 19
### An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

### Airteagal 20
### Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhófar i gcomhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Is iad na Ballstáit ***nó*** na heintitis a oibríonn na pointí rochtana údaraithe e-CODEX a iompróidh costais na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9 ▌.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

***IARSCRÍBHINN***

***TÁIRGÍ BOGEARRAÍ, DOICIMÉADACHT AGUS SÓCMHAINNÍ EILE ATÁ LE hAISTRIÚ CHUIG EU-LISA FAOI AIRTEAGAL 10***

***(1)*** ***An t-ardán lárnach tástála;***

***(2)*** ***An Uirlis Bainistíochta Cumraíochta, ar táirge bogearraí í a úsáidtear chun cuidiú leis an gcúram dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (c), a chomhlíonadh;***

***(3)*** ***Binse Oibre Meiteashonraí, ar táirge bogearraí é a úsáidtear chun cuidiú le codanna de na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7 a chomhlíonadh;***

***(4)*** ***Croístór Focal r-Cheartais an Aontais, ar sócmhainn é le haghaidh téarmaí agus sainmhínithe séimeantacha in-athúsáidte a úsáidtear chun comhsheasmhacht sonraí agus cáilíocht sonraí a áirithiú le himeacht ama agus i ngach cás úsáide;***

***(5)*** ***Doiciméadacht ailtireachta, ar doiciméadacht í a úsáidtear chun eolas teicniúil agus faisnéiseach a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha maidir le roghnú na gcaighdeán nach mór do shócmhainní eile de chuid an chórais e-CODEX a chomhlíonadh.***